

An Bille um an Seachtú Leasú is
Fiche ar an mBunreacht 2004

Twenty-seventh Amendment of the
Constitution Bill 2004

Mar a tionscnaíodh
As initiated



**TWENTY-SEVENTH AMENDMENT OF THE
CONSTITUTION BILL 2004**

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 9 of the Constitution.
2. Citation.

SCHEDULE

PART 1

PART 2



**AN BILLE UM AN SEACHTÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACHT 2004**

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA nALT

Alt

1. Airteagal 9 den Bhunreacht a leasú.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2



**TWENTY-SEVENTH AMENDMENT OF THE
CONSTITUTION BILL 2004**

BILL

entitled

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 9 of the Constitution:

10

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 9 of the Constitution.

1.—Article 9 of the Constitution is hereby amended as follows:

(a) the section, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted after section 1 of 15 the Irish text,

(b) the section, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted after section 1 of the English text, and

(c) section 2 of both texts shall be numbered as section 3.

20

Citation.

2.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-seventh Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-seventh Amendment of the Constitution Act 2004.



**AN BILLE UM AN SEACHTÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACHT 2004**

BILLE

dá ngairtear

5 ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 9 den Bhunreacht
10 a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

- 1.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 9 den Bhunreacht: Airteagal 9 den
Bhunreacht a leasú.
- (a) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh alt 1 den téacs Gaeilge,
- (b) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh alt 1 den téacs Sacs-Bhéarla, agus
- 20 (c) déanfar alt 2 den dá théacs a uimhriú mar alt 3.

2.—(1) An Seachtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar Lua.
ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Seachtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2004 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

- 2 1° D'ainneoin aon fhorála eile den Bhunreacht seo, maidir le duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oiléain agus a fharraigí, agus nach bhfuil aige nó aici, an tráth a shaolaítear an duine sin, tuismitheoir amháin ar a laghad is saoránach d'Éirinn nó atá i dteideal a bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn, níl teideal ag an duine sin chun saoránacht nó náisiúntacht Éireann, mura ndéanfar socrú ina chomhair sin le dlí. 5
10
- 2° Ní bhainfidh an t-alt seo le daoine a saolaíodh roimh dháta achtaithe an ailt seo.

PART 2

- 2 1° Notwithstanding any other provision of this Constitution, a person born in the island of Ireland, which includes its islands and seas, who does not have, at the time of the birth of that person, at least one parent who is an Irish citizen or entitled to be an Irish citizen is not entitled to Irish citizenship or nationality, unless provided for by law. 15
20
- 2° This section shall not apply to persons born before the date of the enactment of this section.

AN SCEIDEAL

CUID 1

- 2 1° D'ainneoin aon fhórála eile den Bhunreacht seo, maidir le duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, agus nach bhfuil aige nó aici, an tráth a shaolaítear an duine sin, tuismitheoir amháin ar a laghad is saoránach d'Éirinn nó atá i dteideal a bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn, níl teideal ag an duine sin chun saoránacht nó náisiúntacht Éireann, mura ndéanfar socrú ina chomhair sin le dlí.
- 5
10 2° Ní bhainfidh an t-alt seo le daoine a saolaíodh roimh dháta achtaithe an ailt seo.

CUID 2

- 15 2 1° Notwithstanding any other provision of this Constitution, a person born in the island of Ireland, which includes its islands and seas, who does not have, at the time of the birth of that person, at least one parent who is an Irish citizen or entitled to be an Irish citizen is not entitled to Irish citizenship or nationality, unless provided for by law.
- 20 2° This section shall not apply to persons born before the date of the enactment of this section.